V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10606 — MUBADALA / NATIONALE-NEDERLANDEN / HEALTHCARE ACTIVOS MANAGEMENT / HEALTHCARE ACTIVOS YIELD SOCIMI / HEALTHCARE ACTIVOS INVESTMENT / SEQUÊNCIALTERNATIVA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 88/03)

1. An 16 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mubadala Investment Company ("MIC", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Nationale-Nederlanden ("NN", an Ísiltír),

— Healthcare Activos Management S.L. ("HAM", an Spáinn),

— HEALTHCARE ACTIVOS YIELD SOCIMI S.A., ("HAY", an Spáinn),

— Roinnt cuideachtaí réadmhaoine faoi úinéireacht HEALTHCARE ACTIVOS INVESTMENT, S.A. ("HAISA Entities", an Spáinn),

— Sequêncialternativa S.A. ("SQA", an Phortaingéil).

Faigheann MIC, NN agus HAM de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán maidir le Cumaisc comhrialú HAY, HAISA Entities agus SQA (le chéile, an "Sprioc").

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás MIC: infheistiú i réimse leathan earnálacha straitéiseacha, lena n-áirítear fuinneamh, fóntais, réadmhaoin, tionscail agus seirbhísí bunúsacha. Tá infheistíochtaí ina seilbh ag MIC in eintitis atá gníomhach i dtíortha éagsúla ar fud an domhain,

— i gcás NN: cuideachta idirnáisiúnta seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí scoir, pinsin, árachais, infheistíochtaí agus baincéireachta,

— i gcás HAM: soláthar seirbhísí bainistíochta don Sprioc,

— i gcas na Sprice: sócmhainní réadmhaoine a fháil agus a léasú le haghaidh úsáidí cúraim sláinte, amhail clinicí, ospidéil, ionaid cúram príomhúil, tithe altranais agus institiúidí cúram meabhairshláinte. Tá sócmhainní na Sprice lonnaithe sa Spáinn agus sa Phortaingéil.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10606 — MUBADALA / NATIONALE-NEDERLANDEN / HEALTHCARE ACTIVOS MANAGEMENT / HEALTHCARE ACTIVOS YIELD SOCIMI / HEALTHCARE ACTIVOS INVESTMENT / SEQUÊNCIALTERNATIVA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach/European Commission
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta/DG Competition
Clárlann na gCumasc/Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO L 366, 14.12.2013, lch. 5.